Sa bhaile

le BORD GÁIS ENERGY SUPPLY

Cliceáil isteach agus bí ag obair go héasca lenár láithreán gréasáin úr

Leideanna chun fuinneamh a shábháil sa bhaile

An stró a bhaint as billí a íoc

BGESAH1206

Promoting sustainable forest management and recycling

Issue 1

Cliceáil isteach agus bí ag obair go héasca lenár láithreán gréasáin úr

Ó mí na Nollag 2006 i leith tairgeann ár láithreán gréasáin úr - www.bordgaisenergysupply.ie raon iomlán de shaoráidí úra. Tá a lán d'eolas ann a chuimsíonn réimsí cosúil le leideanna chun fuinneamh a shábháil, bogadh as do theach, ag seirbhísiú do choire agus sábháilteacht. Lena chois sin, uair amháin a chláraíonn tú tá seirbhís iomlán bainistíochta cuntais ar líne a ligean duit:

- **Do bhille a íoc ar líne**
- **Iarmhéid do chuntas a sheiceáil**
- **Cén uair a bheidh tú chéad bhille eile dlite a sheiceáil**
- **Athbhreithniú agus athruithe a iarraidh ar shonraí do chuntais**
- **Léamh méadair a chur isteach**

Tá sé simplí iarratas a dhéanamh do Chlárú Dochair Dhírigh, níl de dhíth ort ach uimhir do chuntais agus d'ainm mar atá sé ar do bhille faoi láthair. Mar sin logáil isteach agus cláraigh le haghaidh na buntáistí uile a bhaineann le bainistíocht chuntais ar líne ar www.bordgaisenergysupply.ie.

Leideanna chun fuinneamh a shábháil sa bhaile

Bheadh iontas ort chomh éasca is atá sé an méid d'fhuinneamh a úsáideann tú sa bhaile a laghdú. D'fhonn cuidiú leat, tá leabhrán curtha le chéile againn dar teideal 'Leideanna chun fuinneamh a shábháil sa bhaile' a thugann bealaí simplí laethúla duit chun an méid fuinnimh a úsáideann tú a laghdú. Más mian leat cóip a fháil téigh isteach ar ár láithreán gréasáin www.bordgaisenergysupply.ie nó cuir scairt ar ár líne do chúram custaiméirí ar Ghlao Sábhála 1850 632 632. D'fhonn cuidiú leat tosú roghnaíomar cuid de na leideanna is fusa chun fuinneamh a shábháil thíos.

- **Má tá teirmeastait feisithe sna seomraí agat, tig leat suas go 10% do do chostais bhliantúla téimh a shábháil má chásann tú síos le 1°C iad*.**
- **Seiceáil teocht do sheomraí, is í an teocht fhoirfe do do sheomra suite ná thart ar 20°C, agus is 18°C an teocht fhoirfe don seomra leapa.***
- **Druid do chuid cuirtíní san oíche mar go gcoinneoidh seo an teas istigh. Ar feadh an lae oscail na cuirtíní ar aghaidh dheisceart an tí agus lig don ghrian na seomraí a théamh. Lena chois sin déan cinnte na mbíonn na cuirtíní ag clúdach na radaitheoirí nó cuirfear an teas i dtreo na fuinneoige in áit isteach sa seomra.**
- **Gach uair a osclaíonn tú doras an oighinn, éalaíonn 20% den teas. Mar sin gearr síos ar an méid uaireanta a sheiceálann tú an bia.***
- **Nuair a bhíonn tú ag cócaireacht ar an sorn cuir cláir ar do shaspáin chun an teas a choinneáil istigh. Déan cinnte fosta go mbíonn na saspáin curtha i lár an bhladhaire agat.**

* Is ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann a fuarthas na staitisticí thuas.



An stró a bhaint as billí a íoc

Bíonn rudaí againn go léir a b'fhearr linn a bheith ag déanamh le taobh billí a íoc ach tá roinnt bealaí ann chun billí a íoc atá níos fusa nó bealaí eile. Is é Dochar Díreach an bealach is lú stró le do bhille a íoc agus tá sé éasca iarratas a dhéanamh air.

Dochar Díreach

Is é Dochar Díreach an bealach is fusa chun do bhille gáis nádúrtha a íoc agus tairgimíd dhá bhealach difriúla chun é a íoc, Plean Billí Dochair Dhírigh agus Íocaíocht Bille trí Dhochar Díreach.

D'úinéirí baile, ciallaíonn an Plean Billí Dochair Dhírigh go ndéantar d'íocaíochtaí a leathadh chomh cothrom agus is féidir ar fud na bliana trí íocaíochtaí a dhéanamh go míosúil ó do chuntas bainc, ag cuidiú leat do bhuiséadú a dhéanamh níos cruinne.

Le hÍocaíocht Bille trí Dhochar Díreach, eisítear do ghnáthbhille dhá mhíosa chugat agus cuirtear an méid atá dlite chun dochair ar do chuntas 14 lá ó dháta eisiúna an bhille.

Ní raibh sé riamh go héasca iarratas a dhéanamh do Dhochar Díreach mar ní chaithfidh tú foirmeacha ar bith a líonadh isteach. Tig leat iarratas a dhéanamh trí chlárú ar ár láithreán gréasáin úr www.bordgaisenergysupply.ie agus an mhír 'Do Chuntas' a roghnú nó trí scairt a chur orainn ag 1850 632 632. Déan cinnte go bhfuil d'uimhir chuntais do Sholáthar Fuinnimh Bhord Gáis agus sonraí do chuntais bhainc in aice láimhe agat.

Ar líne

Más mian leat do bhille a íoc ar líne ag úsáid do chárta Léasair nó do chárta chreidmheasa, tig leat é seo a dhéanamh go héasca trí chlárú ar ár láithreán gréasáin úr www.bordgaisenergysupply.ie ag roghnú na míre 'Do Chuntas'

Guthán

Tairgimid an rogha d'íocaíocht bille a dhéanamh tríd an nguthán trínár n-uathsheirbhís úr um fhiosruithe agus íocaíochtaí billí guthánbhunaithe. Tá an tseirbhís seo ar fáil 24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain.

Trí scairt a chur ar 1850 632 632 agus Rogha a hAon a roghnú tig leat:

- Do bhille a íoc trí do chárta Léasair nó do chárta creidmheasa a úsáid
- Do chuntas bainc a úsáid
- Dáta d'íocaíochta deireanaí a sheiceáil
- Méid d'íocaíochta deireanaí a sheiceáil
- Dáta do bhille dheireanaigh a sheiceáil